

Léigh tuilleadh anseo>

# An bhfuil tú ag iarraidh tús a chur le do ghairm bheatha, nó ag lorg athrú?

Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim - Ardoifigeach Feidhmiúcháin – Róil Speisialtóirí Cánach. Láithreacha Éagsúla.

Raon scála pá:€58,847 - €75,038.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# An bhfuil tú i d'fhoghlaimeoir tapa, uaillmhianach agus ag iarraidh difríocht a dhéanamh?

Seo í do dheis chun gairm bheatha a fhorbairt le riarachán cánach agus custaim ardfheidhmíochta agus sofhreagrúil chun fíordhifríocht a dhéanamh.

[Léigh tuilleadh anseo>]



Léigh tuilleadh anseo>

# Na Róil

Tá 16 Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim, a thairgeann poist mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Speisialtóir Cánach i láithreacha iomadúla i réimsí amhail:

- Forbairt Reachtach
- Maoirseacht ar Chomhlíontacht
- Feidhmeanna Iniúchóireachta.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Léigh tuilleadh anseo>

# Cé ba chóir cur isteach air?

Tá muid ag lorg daoine a bhfuil an méid seo a leanas acu:

- an cumas na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn don ról a shealbhú agus a chomhshamhlú go tapa
- spéis sa ghnó, sa gheilleagar, agus sa chlár oibre cánach idirnáisiúnta
- scileanna cumarsáide den scoth
- an cumas oibriú go neamhspleách agus go comhoibríoch
- teacht aniar.

Léigh tuilleadh anseo>

# Bunriachtanais Iontrála

Ní mór duit ar Dé hAoine, 6 Feabhra, nó roimhe:

- (a) cáilíocht Leibhéal 8 ar a laghad a bheith bainte amach agat ar an CNC, lena n-áirítear ábhar airgeadais nó dlíthiúil a rinneadh sa bhliain dheireanach

nó

- (b) cáilíocht Leibhéal 7 ar a laghad a bheith bainte amach agat ar an CNC i gceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas, nach mór a bheith san áireamh i dteideal na cáilíochta oifigiúla: Cánachas, Cuntasaíocht, Dlí, Eacnamaíocht, Staitisticí, Matamaitic, Airgeadas, nó Tráchtáil

nó

- (c) cáilíocht choibhéiseach aitheanta atá deimhnithe ag an tionscal i gCánachas nó i gCuntasaíocht a bheith agat a n-aontaíonn na Coimisinéirí Ioncaim a bheith ar chaighdeán coibhéiseach nó níos airde ar a laghad le (b).

Léigh tuilleadh anseo>

# Oiliúint

Clúdaíonn an oiliúint go leor réimsí dlí agus nósanna imeachta cánach, custam agus máil.  Tá sé dírithe go sonrach ar na scileanna teicniúla a sholáthar d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Speisialtóirí Cánach chun tabhairt faoi raon iomlán oibre comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim, agus d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh:

- oiliúint theicniúil cánach
- oiliúint idirghabhála phraiticiúil
- cáilíocht acadúil.



[Léigh tuilleadh anseo>]

# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Cuirtear an méid seo a leanas ar fáil:

- gairme fiúntach agus luachmhar
- cultúr comhoibríoch
- socruithe oibre solúbtha
- fócas láidir ar fholláine agus ar chothromaíocht oibre agus saoil
- tacaíocht i d'fhoghlaim agus i d'fhorbairt
- conair ghairme.

# Tóg an chéad chéim eile i do ghairm agus déan difríocht.

## Déan iarratas inniu!

**Dáta / Am Dúnta: Dé hAoine, 6 Feabhra 2026 ag 13:00**

Léigh tuilleadh anseo>

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs